**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Buiséid*

**2018/0231(COD)**

06.11.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 258/2014, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) 2017/826
(COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Paul Rübig

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is bunchloch de chuid an Aontais é an margadh inmheánach. Ó cuireadh ar bun é, chuir sé go mór leis an bhfás, leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht. A bhuí leis an margadh inmheánach, cuireadh deiseanna nua agus barainneachtaí scála nua ar fáil do ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus neartaíodh a n-iomaíochas tionsclaíoch. Leis an margadh inmheánach, cabhraíodh poist a chruthú agus ba mhó, dá bharr, an rogha ar phraghsanna ní b'ísle a cuireadh ar fáil. Leanann an margadh inmheánach de bheith ina spreagadh chun geilleagar níos láidre, níos cothroime agus níos córa a chur ar bun. Is ceann de mhóréachtaí an Aontais é agus tá sé ar an acmhainn is láidre atá aige i ngeilleagar atá níos domhandaithe anois ná riamh. | (1) Is bunchloch de chuid an Aontais é an margadh inmheánach. Ó cuireadh ar bun é, chuir sé go mór leis an bhfás, leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht. A bhuí leis an margadh inmheánach, cuireadh deiseanna nua agus barainneachtaí scála nua ar fáil do ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus neartaíodh a n-iomaíochas tionsclaíoch. Leis an margadh inmheánach, cabhraíodh poist a chruthú agus ba mhó, dá bharr, an rogha ar phraghsanna ní b'ísle a cuireadh ar fáil. Leanann sé de bheith ina spreagadh ***i gcomhair fás eacnamaíoch agus*** chun geilleagar níos láidre, níos cothroime agus níos córa a chur ar bun. Is ceann de mhóréachtaí an Aontais é agus tá sé ar an acmhainn is láidre atá aige i ngeilleagar atá níos domhandaithe anois ná riamh. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn a dhóthain comhthaobhachta acu. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as an | (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn a dhóthain comhthaobhachta acu. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as an |

| | |
|---|---|
| ngá atá ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú gnólachtaí, ar a bhforbairt agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó. | ngá atá ag ***na micrifhiontair is lú agus*** ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú gnólachtaí, ar a bhforbairt agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Tá an tAontas agus na Ballstáit tiomanta do ***chur chun feidhme*** Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe. Fágfaidh rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát i gcuspóirí Chlár Oibre 2030 go mbeidh an Eoraip á cothú ar bhealach a fhágfaidh níos láidre, níos inbhuanaithe, níos cuimsithí, níos sláine agus níos rathúla í. Ba cheart don Chlár cuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, lena n-áirítear trí chothromaíocht a bhaint amach idir ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe. | (52) Tá an tAontas agus na Ballstáit tiomanta do ***bheart a dhéanamh de réir a mbriathra a bheith mar cheann feadhna i gcur chun feidhme*** Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe. Fágfaidh rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát i gcuspóirí Chlár Oibre 2030 go mbeidh an Eoraip á cothú ar bhealach a fhágfaidh níos láidre, níos inbhuanaithe, níos cuimsithí, níos sláine agus níos rathúla í. Ba cheart don Chlár rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, lena n-áirítear trí na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe a chothromú***, trí ghealltanais shoiléire agus infheicthe a sholáthar chun na gcríoch sin ina rialachán CAI, agus trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a phríomhshruthú, mar a iarradh i rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta agus an 30 Bealtaine 2018 i ndáil le CAI 2021-2027.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Chlár sin cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán ***25*** % de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. | (53) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Chlár sin cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán ***ar a laghad 25 %*** de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide ***le linn thréimhse CAI 2021-2027 agus 30 % a luaithe is féidir agus faoi 2027 ar a dhéanaí.*** Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) iomaíochas fiontar a fheabhsú le béim speisialta ar FBManna agus breisíocht a bhaint amach trí bhearta a sholáthar lena gcuirtear foirmeacha éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rochtain ar mhargaí lena n áirítear idirnáisiúnú FBManna, timpeallacht fhabhrach ghnó do FBManna, iomaíochas earnálacha, nuachóiriú earnáil na tionsclaíochta agus cur chun cinn na fiontraíochta; | (b) iomaíochas fiontar a fheabhsú le béim speisialta ar FBManna agus breisíocht a bhaint amach trí bhearta a sholáthar lena gcuirtear foirmeacha éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rochtain ar mhargaí lena n-áirítear idirnáisiúnú FBManna, timpeallacht fhabhrach ghnó do FBManna, iomaíochas earnálacha, nuachóiriú earnáil na tionsclaíochta agus cur chun cinn na fiontraíochta***, go háirithe:*** |
| | ***i. trí thacú le seirbhísí comhairleacha agus iad a fhairsingiú (an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Líonra Fiontar Eorpach) chun seirbhísí comhtháite chun tacú le gnólachtaí a sholáthar do FBManna an Aontais a fhéachann le deiseanna a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha, agus trí fhaireachán a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil leibhéal cáilíochta seirbhíse den chineál céanna á chur ar fáil ar fud na mBallstát uile ag na tríú tíortha sin;*** |
| | ***ii. trí thacú le cláir shoghluaisteachta d'fhiontraithe nua agus iad a fhairsingiú ("Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga") chun feabhas a chur ar a gcumas i leith fios gnó, scileanna agus dearcaidh fiontraíochta a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht teicneolaíochta agus ar an tslí a mbainistíonn siad fiontair*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Buiséad | Buiséad |
| 1. Is é EUR 4 088 580 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 go 2027. | 1. Is é ***EUR 5 823 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 6 563 000 000*** i bpraghsanna reatha) a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 go 2027. |
| 2. Laistigh den mhéid dá dtagraítear i mír 1 déanfar na méideanna táscacha seo a leanas a leithdháileadh ar na cuspóirí seo a leanas: | 2. Laistigh den mhéid dá dtagraítear i mír 1 déanfar na méideanna táscacha seo a leanas a leithdháileadh ar na cuspóirí seo a leanas: |
| (a) EUR 1 000 000 000 don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b); | (a) EUR ***2 772 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 3 124 000 000 i bpraghsanna reatha)*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b); |
| (b) EUR 188 000 000 don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(d)(i); | (b) EUR ***182 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 206 000 000 i bpraghsanna*** |

| | |
|---|---|
| | ***reatha)*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(d)(i); |
| (c) EUR 1 680 000 000 don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e); | (c) EUR ***1 585 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 1 787 000 000 i bpraghsanna reatha)*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e); |
| (d) EUR 552 000 000 don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f). | (d) ***EUR 490 000 000 i bpraghsanna 2018*** (EUR 552 000 000 ***i bpraghsanna reatha)*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f). |
| 3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, chomh maith le húsáid a bhaint as líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhírítear ar phróiseáil faisnéise agus ar mhalairt faisnéise, agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise a úsáid agus a fhorbairt. | 3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, chomh maith le húsáid a bhaint as líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhírítear ar phróiseáil faisnéise agus ar mhalairt faisnéise, agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise a úsáid agus a fhorbairt. |
| 4. Maidir leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e), féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta. | 4. Maidir leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e), féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta. |
| 5. De mhaolú ar Airteagal 111(2) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Coimisiún an gealltanas buiséadach don deontas arna bhronnadh as bearta éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta faoin gcuspóir shonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) den Rialachán seo tar éis meastóireacht a bheith déanta ar na hiarratais ar íocaíocht a bheidh seolta isteach ag na Ballstáit. | 5. De mhaolú ar Airteagal 111(2) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Coimisiún an gealltanas buiséadach don deontas arna bhronnadh as bearta éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta faoin gcuspóir shonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) den Rialachán seo tar éis meastóireacht a bheith déanta ar na hiarratais ar íocaíocht a bheidh seolta isteach ag na Ballstáit. |
| 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le | 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. | pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. |

*Réasúnú*

*I gcomhréir leis an gcinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 13 Meán Fómhair 2018, léiríonn an leasú comhréitigh miondealú is déanaí CAI de réir an chláir mar a fhoráiltear sa dréacht-tuarascáil eatramhach maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 – seasamh na Parlaiminte d'fhonn teacht ar chomhaontú.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – tábla – colún 2 – sraith 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a - Líon na bhfiontraithe atá ag baint tairbhe as scéimeanna meantóireachta agus soghluaisteachta*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach |
| **Tagairtí** | COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>14.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>14.6.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Paul Rübig<br>12.7.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 26.9.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 5.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 3<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jean Arthuis, Reimer Böge, Lefteris Christoforou, Gérard Deprez, Manuel dos Santos, André Elissen, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, John Howarth, Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk, Vladimír Maňka, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Eleftherios Synadinos, Indrek Tarand, Isabelle Thomas, Inese Vaidere, Daniele Viotti, Tiemo Wölken, Marco Zanni |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karine Gloanec Maurin, Alain Lamassoure, Janusz Lewandowski, Andrey Novakov |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michael Detjen |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

| 27 | + |
|---|---|
| ALDE | Jean Arthuis, Gérard Deprez |
| ECR | Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk |
| PPE | Reimer Böge, Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, Alain Lamassoure, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Inese Vaidere |
| S&D | Michael Detjen, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Karine Gloanec Maurin, John Howarth, Vladimír Maňka, Manuel dos Santos, Isabelle Thomas, Daniele Viotti, Tiemo Wölken |

| | |
|---|---|
| VERTS/ALE | Indrek Tarand |

| 3 | - |
|---|---|
| ENF | André Elissen, Marco Zanni |
| NI | Eleftherios Synadinos |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh